2026/1449

3.7.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1449 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Meitheamh 2026

lena bhformheastar iarraidh na Seapáine ar rochtain chómhalartach faoin tSaoráid don Úcráin a bunaíodh le Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an tSaoráid don Úcráin, cuirtear tacaíocht airgeadais suas le EUR 50 billiún ar fáil don Úcráin le haghaidh na tréimhse 2024 go 2027 i bhfoirm tacaíocht neamh-inaisíoctha agus iasachtaí le haghaidh théarnamh, atógáil agus nuachóiriú na hÚcráine.

(2) Tá an comhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais fíor-riachtanach ar mhaithe le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú na hÚcráine. Is príomh-chomhpháirtí de chuid an Aontais í an tSeapáin maidir le tacú le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú na hÚcráine. Is comhalta bunaidh í den Ardán Deontóirí don Úcráin a bhunaigh ceannairí G7 i mí na Nollag 2022 agus is comhalta dá Choiste Stiúrtha í.

(3) An 24 Nollaig 2025, chuir an tSeapáin iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin ar rochtain chómhalartach le haghaidh gnólachtaí agus eintiteas ar nósanna imeachta um soláthar agus um dhámhachtain deontas agus comórtais duaise na gclár tacaíochta don Úcráin lena mbaineann.

(4) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an bhfaisnéis a chuir an tSeapáin ar fáil agus rinne sé anailís ar an bhfaisnéis atá ar fáil faoin tacaíocht idirnáisiúnta a chuirtear ar fáil don Úcráin, d'fhonn a chinneadh an é nach bhfuil tacaíocht na Seapáine srianta iarbhír agus go héifeachtach agus d'fhonn comparáid a dhéanamh idir an leibhéal tacaíochta a chuireann an tAontas agus an tSeapáin ar fáil, agus gnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla á gcur san áireamh.

(5) Ní chuireann an tSeapáin srian le rannpháirtíocht i dtionscadail arna gcistiú san Úcráin, agus deonaíonn sí rochtain chomhionann ar na nósanna imeachta um sholáthar agus um dhámhachtain deontas agus duaiseanna a bhaineann lena tacaíocht don Úcráin do gach tír incháilithe faoin tSaoráid don Úcráin.

(6) Ó mhí Feabhra 2022 go dtí mí an Mhárta 2026, tá os cionn USD 15 bhilliún geallta ag an tSeapáin don Úcráin, lena n-áirítear USD 1,02 billiún de thacaíocht dhaonnúil, os cionn USD 13 bhilliún de thacaíocht airgeadais agus USD 1,26 billiún de thacaíocht don téarnamh agus don atógáil. Tá USD 2,97 billiún geallta ag an tSeapáin don Úcráin mar chuid den tionscnamh 'Iasachtaí lena nGéaraítear an tIoncam Urghnách don Úcráin'. Thairis sin, tá gealltanas tugtha ag an tSeapáin USD 3 bhilliún breise a chur ar fáil don Úcráin in 2026 agus 2027. Dá bhrí sin, ar an meán, 0,46 % de OTI na Seapáine atá sa tacaíocht iomlán don Úcráin. Tá sé sin, in éineacht le ranníocaíochtaí le, i measc nithe eile, cumais dímhianúcháin, inchomparáide le tacaíocht an Aontais don Úcráin (ó bhuiséad an Aontais agus ó bhuiséid na mBallstát le chéile) arb éard atá ann 1,11 % de OTI an Aontais.

(7) Tá tacaíocht tugtha ag an tSeapáin don Úcráin in earnálacha criticiúla éagsúla, lena n-áirítear bonneagar fuinnimh, a ndearna ionsaithe na Rúise damáiste mór dó. Tá trealamh fuinnimh éigeandála seachadta ag an tSeapáin agus, trí chláir rialtais agus comhordú le comhpháirtithe idirnáisiúnta an Ardáin Deontóirí don Úcráin, tá tacaíocht curtha ar fáil aici chun bonneagar fuinnimh a dheisiú agus a chosaint.

([1]) IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj.

(8) Tá an tSeapáin gníomhach i ndímhianú daonnúil le tamall anuas; chuir sí a teicneolaíocht nuálach ar fáil amhail an córas íomháúcháin mianach talún, chomh maith le rannchuidiú go díreach le geilleagar na hÚcráine. Le tacaíocht na Seapáine sna réimsí sin, rannchuidítear le haghaidh a thabhairt ar na riachtanais téarnaimh agus atógála maidir le bainistiú guaiseacha pléascacha, a mheastar a bheith cothrom le USD 27,6 billiún le haghaidh na tréimhse 10 mbliana 2026-2035 faoin gcúigiú Mearmheasúnú ar Dhamáiste agus ar Riachtanais (RDNA5).

(9) Cuireann tacaíocht leanúnach na Seapáine don Úcráin le slándáil na hEorpa, agus le comhroinnt dualgas idirnáisiúnta idir an tAontas agus a chomhpháirtithe a mhéid a bhaineann le tacaíocht don Úcráin.

(10) Ar bhonn na faisnéise a chuir an tSeapáin ar fáil, dá dtabharfaí rochtain chómhalartach don tSeapáin ar nósanna imeachta um sholáthar agus um dhámhachtain deontas agus duaiseanna haghaidh gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin tSaoráid don Úcráin, threiseofaí cuspóirí comhroinnte polaitiúla agus eacnamaíocha an dá pháirtí, go háirithe i dtaca le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú na hÚcráine, i gcomhréir le cuspóirí na Saoráide don Úcráin.

(11) Chun éifeachtacht na cabhrach a thugtar don Úcráin a uasmhéadú, is iomchuí rochtain chómhalartach a dheonú don tSeapáin go ceann tréimhse bliana.

(12) Chuathas i gcomhairle leis an Úcráin an 21 Aibreán 2026 maidir le hiarraidh na Seapáine ar rochtain chómhalartach ar an tSaoráid don Úcráin, agus dheimhnigh sí go n-aontaíonn sí leis sin.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an tSaoráid don Úcráin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear rochtain chómhalartach don tSeapáin ar nósanna imeachta um sholáthar agus um dhámhachtain deontas agus duaiseanna haghaidh gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin tSaoráid don Úcráin, go ceann tréimhse bliana ón 23 Iúil 2026.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meitheamh 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN